Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024
(OR. en)

8897/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0051(NLE)**

**IXIM 108**
**ENFOPOL 181**
**JAIEX 29**
**AVIATION 76**
**CDN 5**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le a tabhairt i gcrích thar ceann an Aontais an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le a tabhairt i gcrích thar ceann an Aontais an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/…[2+] ón gComhairle, an …[++] síníodh an Comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil (‘an Comhaontú’), faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Foráiltear leis an gComhaontú sonraí taifead ainmneacha paisinéirí a aistriú chuig Ceanada chun coireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

(3) Áirithítear leis an gComhaontú go dtabharfar lánurraim do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar atá léirmhínithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéantar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime mar a aithnítear in Airteagail 7, 8 agus 47 de, faoi seach. Go háirithe, áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú faoi a chosaint.

---

[2] Cinneadh (AE) 2024/… an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpach maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil (IO L, …, ELI: …).

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST 8895/24 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe a leagtar amach in ST 8896/24.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn , le litir an 25 Aibreán 2024, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim 15/2024 uaidh an 29 Aibreán 2024.

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas.

(8) I gcomhréir leis na Conarthaí, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go síneofar an Comhaontú, faoi réir a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil[3+].

*Airteagal 2*

Rachaidh an Coimisiún ar aghaidh, thar ceann an Aontais, chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Chomhaontú a thabhairt, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl[4].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[3] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO ...

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, tagairt IO don chomhaontú a leagtar amach in ST 8896/24 san fhonóta roimhe seo.

[4] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.